# Uimhreas: Ionadluach agus bonn a deich – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Béim a leagan agus páistí a chur i dteagmháil le coincheapa an ionadluacha agus bonn a deich i gcomhthéacsanna suimiúla agus cruthaitheacha, m.sh., *curiarrachtaí domhanda, achair fhada, airgeadraí eachtracha a scrúdú agus a chur i gcomparáid lena chéile.*
- Áisiúlacht an tslánaithe a chur chun cinn agus aird a tharraingt air i gcásanna praiticiúla, m.sh., *praghas iomlán na n-earraí a ríomh go meabhrach trí gach earra a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire.*
- Deiseanna fiúntacha féinmheasúnaithe agus machnaimh a chur ar fáil do pháistí trí dhialann mhatamaiticiúil a choinneáil, m.sh., *chun an freagra a shlánú go dtí an 1000 is gaire, dhírigh mé ar an dara digit dheireanach i ngach uimhir mar is ionann an digit seo agus na deicheanna...*

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Comhtháthú a dhéanamh ar an bhfoghlaim in ionadluach agus bonn a deich le cluichí matamaitice spraíúla lasmuigh, m.sh., *bibí daite éagsúla a shannadh do pháistí, a léiríonn céadta, deicheanna agus aonta agus spreagadh a thabhairt do pháistí uimhir ar leith a shamhaltú nuair a shéidtear feadóg, nó a mhalairt – bibí le huimhreacha a bheith agat agus iarr ar pháistí iad féin a shuíomh i gceart chun uimhir ildigite a léiriú.*
- Spás laistigh den seomra ranga a bhunú do pháistí le triail a bhaint as ionadluach agus smaointe matamaiticiúla bhonn a deich ag baint úsáid as raon ábhair choincréiteacha, m.sh., *cláir nodaireachta, bloic bhonn a deich, cláir bhána, cártaí imeartha, ciúbanna, áireamháin, srl.*
- Cluichí a imirt a chuimsíonn coincheapa ionadluacha agus bonn a deich, m.sh., *imir 'Tabhair buille faoi thuairim faoi m'uimhir' agus spreag páistí chun ceisteanna cuí a chur chun an uimhir a fháil amach (An slánuimhir í d'uimhir? An bhfuil sí níos lú ná 50? An ré-uimhir í an dhigit deicheanna?).*

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Ceistiú machnamhach a úsáid chun tacú le fiosrúchán na bpáistí maidir le fadhbanna, m.sh., *cad iad na huimhreacha (is mó agus is lú) is féidir leat a dhéanamh ag baint úsáid as na digití 6, 7, 8, 9? Cad a bheadh agat dá mbeadh ort 7 a bheith agat don chéad uimhir? Cad a tharlódh dá gcuirfimis náid/pointe deachúlach leis?*
- A bheith ag tacú le páistí straitéisí cuí a roghnú agus fadhbanna ionadluacha agus bonn a deich á réiteach acu, m.sh., *ag slánú go dtí an 10 nó an 100 is gaire, ag athrú ó dheachúlacha go céatadáin nó a mhalairt, ag baint úsáid as 0 mar ionadchoinneálaí.*
- Aird na bpáistí a tharraingt ar na huimhreacha a úsáidtear ina saol laethúil agus iad seo a ionchorprú i dtascanna, m.sh., *bain úsáid as na digití i ndáta an lae inniu chun an oiread uimhreacha éagsúla dhá dhigit/trí dhigit agus is féidir leat a dhéanamh, athshocraigh na huimhreacha chun dáta a chruthú i bhfad amach sa todhchaí, déan atheagar chun an dáta is gaire do do bhreithlá a aimsiú.*

## BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Páistí a spreagadh chun a mbealach réitigh ar fhadhbanna ionadluacha agus bonn a deich a léiriú ag baint úsáid as léirithe iomadúla, m.sh., *d'úsáid mé bloic bhonn a deich chun na huimhreacha i ndeicheanna agus in aonta a léiriú, ansin tharraing mé pictiúr den dá mhéid éagsúla, agus ar deireadh léirigh mé mo fhreagra ag baint úsáid as uimhreacha agus an tsiombail >.*
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí a gcuid samhlacha d'uimhreacha ildigite a mhíniú agus a chosaint, agus éifeachtúlacht gach ceann acu a chur i gcomparáid lena chéile, m.sh., *conas atá a gcuid samhlacha mar an gcéanna/difriúil? An mbíonn tionchar ag méid na huimhreach ar an mbealach a roghnaíonn tú í a shamhaltú?*
- Deiseanna a chur ar fáil chun ábhair choincréiteacha agus uirlisí digiteacha a úsáid chun codáin/deachúlacha/céatadáin a léiriú agus a chur i gcomparáid lena chéile agus iad seo a chur i bhfeidhm i gcásanna atá fiúntach do na páistí, m.sh., *samhail chuí a chruthú chun comparáid a dhéanamh idir do thorthaí scrúdaithe ón téarma seo agus iad a chur in ord.*

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí na ríomhanna meabhracha a chuir siad i bhfeidhm agus fadhbanna ionadluacha agus bonn a deich á réiteach acu a chur in iúl, a roinnt agus a mhalartú.
- A bheith ag tacú le páistí straitéisí réitigh fadhbanna a gcomhghleacaithe a chur in iúl, m.sh., *is maith liom an chaoi ar shlánaigh Grúpa 1 go dtí an deich is gaire seachas an céad is gaire, chabhraigh sé leo an freagra a mheas ar bhealach níos cruinne.*
- Bain úsáid as, agus spreag páistí chun ceisteanna cruthaitheacha agus oscailte a úsáid chun tacú le díospóireacht maidir le hionadluach agus bonn a deich, m.sh., *déan cur síos ar conas a d'úsáid tú d'eolas ar ionadluach chun suimiú an dá uimhir 3 dhigit sin a ríomh go tapa? Cad a tharlódh dá n-imeodh gach pointe deachúlach as ár seomra ranga/mbaile?*

Arna fhorbairt i gcomhar le **Jean Donnelly, Múinteoir Bunscoile, Co. Átha Cliath**